



**Tuarascáil don bhliain dar críoch
31 Nollaig 2011**

**AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE
Ionad na nEolaíochtaí Sláinte
Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath
Belfield
Baile Átha Cliath 4
Éire**

Teil: (01) 7165555

Facs: (01) 7165511



CLÁR ÁBHAIR

Leathanach :

BUNÚ AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE, AGUS FEIDHMEANNA AN BHIÚRÓ	1
GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE	2
1. Anailís ar Alcóil Fhola agus Fhuail ar son Alcóil	2
1.1 Líon na Samplaí a Cuireadh ar Fáil in Ospidéal	2
1.2 Anailís ar Am	2
1.3 Meánleibhéil Alcóil i Samplaí Fhola & Fhuail	3
1.4 Dhá Oiread níos mó ná an Teorainn Dhlíthiúil	3
1.5 Leibhéil Alcóil in Samplaí Fhola & Fhuail	3
2. Anailís ar Shamplaí Anála ar son Alcóil	10
2.1 Suiteáil Uirlisí	10
2.2 Tástáil & Cuirteanna ar Stáisiúin an Gardaí	10
2.3 Oiliúint le Tástáil Fhianaiseach Anála	10
2.4 An Meánchion Alcóil in Anáil	11
2.5 Dhá Oiread níos mó ná an Teorainn Dhlíthiúil	11
2.6 Scagadh Alcóil Anála ar Thaobh an Bhóthair	8
2.7 Anailís ar Shamplaí Anála	9
3. Anailís ar Shamplaí Fola agus Fuail ar son Drugaí	15
3.1 Tástáil ar Lagú Cumais i dTiománaithe ar Bhóithre	17
4. Sainseirbhísí Gairmiúla agus Freastal ar na Cúirteanna	17
BALLRAÍOCHT NA gCOISTÍ A BHAINNEANN LE SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE	17
COMHDHÁLACHA, CÚRSAÍ AGUS CRUINNITHE AR FHREASTAIL AN FHOIREANN ORTHU SA BHLIAIN 2011	17
CEAPACHÁIN FOIRNE SA BHLIAIN 2011	21
RIALACHAS CORPARÁIDEACH	21
1. Comhlionadh	21
2. Ballraíocht agus Cruinnithe an Bhiúró	22
3. Na hAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí	22
4. An Coiste Iniúchóireachta	22
5. Soláthar	22
6. Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003	22
7. Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003	22
8. Sceideal na dTáill agus na gCostas Comhiomlán a Íocadh le Stiúrthóirí sa bhliain 2011	23
AN tACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997	23
RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS	24
SAORÁIL FAISNÉISE	25

BUNÚ AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE, AGUS FEIDHMEANNA AN BHIÚRÓ

Is ar an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre atá an cúram tástáil cheimiceach a dhéanamh le haghaidh meisceach i dtiománaithe in Éirinn. Comhlacht corparáideach is ea an Biúró, a bhunaigh an tAire Rialtais Áitiúil sa bhliain 1968 faoi Chuid V den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1968. Athraíodh teideal an Aire an 22 Iúil 1997 go dtí an tAire Comhshaoil & Rialtais Áitiúil. I mí an Mheithimh 2002 tháinig an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi scáth an Aire Iompair tar éis aistriú an Ordaithe um Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire, 2002.

Tá feidhmeanna an Bhiúró leagtha síos sna hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1968 – 2012 agus ina rialacháin agus áirítear orthu:

- Samplaí fola agus fuail a chuirtear ar aghaidh go dtí an Biúró a fháil agus anailís a dhéanamh orthu ar son meisceach.
- Deimhnithe anailíse a eisiúint.
- Trealamh a sholáthar le gur féidir samplaí fola agus fuail a thógáil nó a sholáthar.
- Trealamh nó fearas a léiríonn alcól a bheith i láthair san anáil a cheadú, a sholáthar agus a thástáil.
- Trealamh nó fearas a thomhaiseann an cion alcóil san anáil a cheadú, a sholáthar agus a thástáil.
- Taighde ar thionchar ólacháin agus drugaí i dtaca le tiomáint de, lena n-áirítear na modhanna lena gcinntear an cion alcóil nó drugaí atá i gcorp tiománaí agus eipidéimeolaíocht na tiomána faoi thionchar meisceach.

Maoinítear an Biúró le hairgead ón Deontas Bliantúil as Vóta na Roinne Iompair. An tAire Iompair a cheapann an Bord, ar a mbíonn cúigear ball (lena n-áirítear an Stiúrthóir). Is iad baill an Bhoird an tOllamh Cecily Kelleher (Cathaoirleach), an tOllamh Denis A. Cusack (Stiúrthóir), Mr. Declan Hayes, Mr. Philip Joyce agus an Dr. Niall McNamara.

Baineann an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre úsáid as an áitreabh agus an fhoireann a cuireadh ar fáil faoi chomhaontú leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, An Scoil Mhíochaine agus Eolaíocht Míochaine, Ionad na nEolaíochtaí Míochaine, Belfield, Baile Átha Cliath 4. Is iad fostaithe an Bhiúró i láthair na huaire: Anailíseoir Ceannais amháin, triúr Phríomh-Anailíseoirí, cúigear Anailíseoirí Sinsearacha, aon Anailíseoir déag, aon Oifigeach Teicniúil Sinsearach amháin, aon Oifigeach Teicniúil amháin, beirt Fhreastalaí Saotharlainne, beirt Fhreastalaí Fáiltithe, Oifigeach Sinsearach Riaracháin amháin, Oifigeach Riaracháin amháin, triúr Cúntóirí Feidhmiúcháin Sinsearacha agus triúr Cúntóirí Feidhmiúcháin. Tá an Stiúrthóir freagrach as bainistíocht a dhéanamh ar an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre ar bhonn laethúil.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Rinneadh anailís ar 10,852 sampla fola, fuail agus anála sa bhliain 2011 ar son alcóil. B'ionann sin agus 16.25% de laghdú san iomlán ar líon iomlán na samplaí a ndearnadh anailís orthu i gcaitheamh 2010. I mí Dheireadh Fómhair 2011, cuireadh i bhfeidhm na laghduithe ar leibhéil cheadaithe alcóil san fhuil, san fhual agus san anáil atá leagtha amach san Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010. B'ionann siúd agus 50 mg, 67 mg agus 22 µg faoi seach i gcás tiománaithe seachas tiománaithe sonraithe lena mbaineann leibhéil 20 mg, 27 mg agus 9 µg faoi seach. Taispeántar i gCairt 1 miondealú ar na samplaí fola, fuail agus anála ar fad a ndearnadh anailís orthu sa bhliain 2011 agus sa tréimhse deich mbliana roimhe sin. Rinneadh anailís ar 1,180 díobh sin ar thóir drugaí agus b'ionann sin agus 23% de laghdú ón mbliain 2010. D'éirigh le haistriú an chláir alcóil go dtí Córas Bainistíochta Eolais Saotharlainne sa bhliain 2011.

Chun críocha na tuarascála seo rangáidh gníomhaíochtaí an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre sna cúig phríomhchlár seo a leanas:

1. **Anailís ar Shamplaí Fola agus Fuail ar son Alcóil**
2. **Anailís ar Shamplaí Anála ar son Alcóil**
3. **Anailís ar Shamplaí Fola agus Fuail ar son Drugaí**
4. **Taighde - Tiomáint faoi Thionchar Meisceach**
5. **Sainseirbhísí Gairmiúla agus Freastal ar na Cúirteanna**

Seo a leanas an miondealú:

1. **Anailís ar Shamplaí Fola agus Fuail ar son Alcóil**

Ar an iomlán, fuarthas 3,722 sampla fola agus fuail sa bhliain 2011 le hanailís a dhéanamh orthu. Rinne an anailís agus eisíodh deimhniú i 3,598 de na cásanna sin. Níor eisíodh deimhniú i 124 (3.3%) de chásanna toisc an sampla a bheith ina shampla lochtach nó toisc earráid sna doiciméid a ghabh leis. Chonacthas 16.2% de laghdú ar líon na samplaí fola agus fuail a fuarthas sa bhliain 2011 i gcomparáid leis an líon a fuarthas sa bhliain 2010.

1.1 **Líon na Samplaí a Cuireadh ar Fáil in Ospidéal**

Cuireadh 298 sampla ar fáil in ospidéal sa bhliain 2011, arbh ionann é agus 7.2% de mhéadú ar líon na samplaí sa bhliain 2010. B'ionann agus 8% cion iomlán na samplaí a tógadh in ospidéal sa bhliain 2011, i gcomparáid le 6% sa bhliain 2010. Bhí os cionn 150 mg / 100 ml fola de chion alcóil i 21% de na samplaí sin, nó 200 mg / 100 ml fuail agus bhí os cionn 200 mg / 100 ml fola nó fuail nó 267 mg/100 ml fuail i 25.2% díobh.

1.2 **Anailís ar Am**

As líon iomlán na samplaí fola agus fuail a fuarthas, cuireadh 71.2% ar fáil sna huaireanta an chloig idir 9.00 istoíche agus 6.00 ar maidin, 13.7% idir 4.00 pm

agus 9.00 istoíche, agus an 15.1% eile idir 6.00 ar maidin agus 4.00 tráthnóna. B'ionann an pátrún sin sna blianta 2009 agus 2010.

1.3 Meánleibhéil Alcóil i Samplaí Fola & Fuail

Ba é 131 mg/100 ml an meánleibhéal alcóil san fhuil.

Ba é 133 mg/100 ml an meánleibhéal alcóil i bhfual.


1.4 Dhá Oiread níos mó ná an Teorainn Dhlíthiúil

I gcaitheamh 2011 deimhníodh 1,455 sampla a bhí dhá oiread níos mó ná an teorainn dhlíthiúil nó níos airde ná sin. Fuarthas 998 díobh sin sa chéad deich mí faoi na leibhéil roimhe sin agus 457 sa dá mhí dheiridh faoi na leibhéil nua níos ísle (an teorainn dhlíthiúil sna cásanna seo ná 50 mg/100 ml fola nó 67 mg/100 ml fuail. B'ionann an figiúr sin agus 40.4% de líon iomlán na samplaí a deimhníodh.


1.5 Leibhéil Alcóil i Samplaí Fola & Fuail

I dTáblaí 1 a & b agus II a & b den tuarascáil seo gheofar miondealú ar an gcion alcóil i samplaí fola agus fuail a fuarthas i gcaitheamh na bliana 2011. Déantar comparáid i dTáblaí III agus IV idir na leibhéil fola agus fuail an bhliain sin agus i mblianta roimhe sin. Gabhann Cairteacha 2 a & b agus 3 a & b le Táblaí 1 a agus b agus II a & b, agus gabhann Cairteacha 4 agus 5 le Táblaí III agus IV faoi seach. Cuireadh laghdúithe ar na leibhéil cheadaithe alcóil i bhfuil agus i bhfual i bhfeidhm i nDeireadh Fómhair 2011 agus tugadh Tástáil Éigeantach Alcóil isteach i mí Iúil 2006.


Cairt 1
LÍON IOMLÁN na nEISEAMAL A nDEARNA an M.B.R.S ANAILÍS
ORTHU SA TRÉIMHSE 2000 – 2010



CAIRT 2 a
AN CION DEIMHNITHE ALCÓIL I SAMPLAÍ FOLA
A FUARTHAS SA BHLIAIN 2011 (An chéad 10 mí)



CAIRT 2 b
AN CION DEIMHNITHE ALCÓIL I SAMPLAÍ FOLA
A FUARTHAS SA BHLIAIN 2011 (An 2 mhí dheiridh/leibhéal laghdaithe)



CAIRT 3 a
AN CION DEIMHNITHE ALCÓIL I SAMPLAÍ FUAIL
A FUARTHAS SA BHLIAIN 2011(An chéad 10 mí)





CHART 3 b
AN CION DEIMHNITHE ALCÓIL I SAMPLAÍ FUAIL
A FUARTHAS SA BHLIAIN 2011(An dá mhí dheireanacha/leibhéil laghdaithe)



TÁBLA I a
AN CION DEIMHNITHE ALCÓIL I SAMPLAÍ FOLA
A FUARTHAS SA BHLIAIN 2011 (Sna chéad deich mí)

Mg. Alcóil in aghaidh gach 100 ml Fola	An Chéad Ráithe	An Dara Ráithe	An Tríú Ráithe	An Cheathrú Ráithe (D.F.)	IOMLÁN
0 - 80	132	147	145	38	462
TEORAINN DHLÍTHIÚIL					
81 - 100	53	21	42	9	125
101 - 150	116	94	106	39	355
151 - 200	86	113	107	36	342
201 & os a chionn	122	111	109	33	375

TÁBLA I b
AN CION DEIMHNITHE ALCÓIL I SAMPLAÍ FOLA
A FUARTHAS SA BHLIAIN 2011 (An dá mhí dheiridh/leibhéil laghdaithe)

Mg. Alcóil in aghaidh gach 100 ml Fola	Samhain	Nollaig	IOMLÁN
0 - 20	46	27	73
21 - 50	14	14	28
TEORAINN DHLÍTHIÚIL			
51 - 80	17	15	32
81 - 100	11	5	16
101 - 150	50	22	72
151 - 200	66	39	105
201 & os a chionn	55	52	107

TÁBLA II a
AN CION DEIMHNITHE ALCÓIL I SAMPLAÍ FUAIL
A FUARTHAS SA BHLIAIN 2011 (An chéad 10 mí)

Mg. Alcóil in aghaidh gach 100 ml Fuail	An Chéad Ráithe	An Dara Ráithe	An Tríú Ráithe	An Cheathrú Ráithe (D.F.)	IOMLÁN
0 - 107	171	160	133	34	498
TEORAINN DHLÍTHIÚIL					
108 - 135	27	22	30	5	84
136 - 200	75	60	69	24	228
201 - 267	75	62	77	16	230
268 & os a chionn	51	41	39	8	139

TÁBLA II b
AN CION DEIMHNITHE ALCÓIL I SAMPLAÍ FUAIL
A FUARTHAS SA BHLIAIN 2011 (An dá mhí dheiridh/leibhéil laghdaithe)

Mg. Alcóil in aghaidh gach 100 ml Fuail	Samhain	Nollaig	IOMLÁN
0 - 27	40	27	67
28 - 67	20	11	31
TEORAINN DHLÍTHIÚIL			
68 - 107	27	10	37
108 - 135	14	7	21
136 - 200	37	24	61
201 - 267	45	31	76
268 & os a chionn	23	11	34

TÁBLA III
AN CION ALCÓIL I BHFUIL – COMPARÁID LE BLIANTA ROIMHE

Mg. Alcóil in aghaidh gach 100 ml Fola	2011 Ean - D.F.		2010		Tréimhse 5 Bliana 2005-2009	
	Uimh.	%	Uimh.	%	Uimh.	%
0 - 80	462	27.8	737	31.3	3,570	24.1
TEORAINN DHLÍTHIÚIL						
81 - 100	101	6.1	152	6.5	924	6.2
101 - 150	345	20.8	442	18.8	3,020	20.4
151 - 200	376	22.7	523	22.2	3,638	24.6
201 & os a chionn	375	22.6	500	21.2	3,660	24.7

Mg. Alcóil in aghaidh gach 100 ml Fola	Samhain		Nollaig		IOMLÁN	
	Uimh.	%	Uimh.	%	Uimh.	%
0 - 20	46	17.8	27	15.5	73	16.9
21 - 50	14	5.4	14	8.1	28	6.5
TEORAINN DHLÍTHIÚIL						
51 - 80	17	6.6	15	8.6	32	7.4
81 - 100	11	4.2	5	2.9	16	3.7
101 - 150	50	19.3	22	12.6	72	16.6
151 - 200	66	25.5	39	22.4	105	24.2
268 & os a chionn	55	21.2	52	29.9	107	24.7

Sa bhliain 2011 as 2092 sampla fola a ndearnadh anailís orthu bhí 563 (26.9%) díobh faoin teorainn agus 1529 (73.1%) os cionn na teorann (figiúirí comhcheangailte).

TÁBLA IV
AN CION ALCÓIL I BHFUL – COMPARÁID LE BLIANTA ROIMHE

Mg. Alcóil in aghaidh gach 100 ml Fuail	2011 Ean - D.F.		2010		Tréimhse 5 Bliana 2005-2009	
	Uimh.	%	Uimh.	%	Uimh.	%
0 – 107	498	42.2	804	41.5	3,736	33.9
TEORAINN DHLÍTHIÚIL						
108 - 135	84	7.1	133	6.9	810	7.4
136 - 200	228	19.3	366	18.9	2,289	20.8
201 - 267	230	19.5	378	19.5	2,416	21.9
268 & os a chionn	139	11.8	256	13.2	1,769	16

Mg. Alcóil in aghaidh gach 100 ml Fuail	Samhain		Nollaig		IOMLÁN
	Uimh.	%	Uimh.	%	
0 - 27	40	19.4	27	22.3	67
28 - 67	20	9.7	11	9.1	31
TEORAINN DHLÍTHIÚIL					
68 - 107	27	13.1	10	8.3	37
108 - 135	14	6.8	7	5.8	21
136 - 200	37	18	24	19.8	61
201 - 267	45	21.8	31	25.6	76
268 & os a chionn	23	11.2	11	9.1	34

Sa bhliain 2011 as 1505 sampla fuail a ndearnadh anailís orthu bhí 596 (39.6%) faoin teorainn agus 910 (60.4%) os cionn na teorann (figiúirí comhcheangailte).

2.0 Anailís ar Shamplaí Anála ar son Alcóil

Tógadh 7,130 sampla anála san iomlán sa bhliain 2011, ar 16.3% de laghdú é sin ar an mbliain 2010. Deimhníodh 6474 de na samplaí sin; bhí 53% de na samplaí a tógadh sa chéad 10 mí de 2011 os cionn na teorann dlíthiúla. Bhí 78% os cionn na teorann dlíthiúla sa dá mhí dheiridh de 2011. Maidir le líon iomlán na dtástálacha anála a cláraíodh, níor cuireadh ráiteas faoi Alt 17 den Acht um Thrácht ar Bhóithre ar fáil de thoradh 656 díobh.

2.1 Suiteáil Uirlisí

Ba é ceithre uirlis agus seasca i gcónaí líon iomlán na n-uirlisí a bhí suiteáilte i stáisiúin an Gharda ar fud na tíre. Ghabh uirlisí nua EvidenzerIRL áit na n-uirlisí Intoxilyser suiteáilte ar fad tar éis athrú sa reachtaíocht agus laghdú ar na teorainneacha alcóil a cheadaítear i dtiománaithe.

2.2 Tástáil & Cuirteanna ar Stáisiúin an Gharda

Thug eolaithe an Bhiúró breis is 220 cuairt sa bhliain 2011 ar láithreacha ar fud na hÉireann ina bhfuil uirlisí EBT. Ar na cuairteanna sin rinneadh tástáil agus cothabháil ar na huirlisí Intoxilyser go dtí an 27 Deireadh Fómhair 2011 agus cigireachtaí a d'ordaigh an chúirt. Thug eolaithe an Bhiúró cuairt, leis, ar 64 stáisiún agus thástáil siad gach uirlis nua EvidenzerIRL a coimisiúnaíodh i stáisiúin an Gharda sa bhliain 2011.

2.3 Oiliúint maidir le Tástáil Fhianaiseach Anála

Eagraíodh sraith cúrsaí oiliúna lae EBT i gcaitheamh na bliana 2011 maidir leis an tiontú go EBT chun Oibreoirí agus Maoir den Gharda a oiliúint ar an tslí leis na huirlisí Intoxilyser a úsáid. Eolaí de chuid an Bhiúró agus ball de scoil oiliúna inseirbhíse an Gharda Síochána a sheol na cúrsaí oiliúna ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. D'fhreastail breis is míle comhalta den Gharda Síochána ar na cúrsaí oiliúna sin.

Eagraíodh na cúrsaí oiliúna seo a leanas sa bhliain 2011:

- Cúig Chúrsa Oiliúna is seasca d'Oibreoirí agus do Mhaoir maidir leis an Athrú
- Cúrsa Oiliúna EBT amháin (Intoxilyser)
- Cúig cinn de Chúrsaí Oiliúna PBT (Draeger 6510)

2.4 An Meánchion Alcóil in Anáil

Ba é 54.3µg/100ml an meánchion alcóil in anáil sa chéad 10 mí den bhliain 2011, agus 46.8µg/100ml sa dá mhí dheiridh den bhliain 2011.

2.5 Dhá Oiread níos mó ná an Teorainn Dhlíthiúil

Bhí 24% de na samplaí anála a cuireadh ar fáil sa chéad 10 mí den bhliain 2011 breis is dhá oiread níos mó ná an teorainn dhlíthiúil.

Bhí 54% de na samplaí anála a cuireadh ar fáil sa chéad 2 mí den bhliain 2011 breis is dhá oiread níos mó ná an teorainn dhlíthiúil.

2.6 Scagadh Anála ar Thaobh an Bhóthair ar son Alcóil

Lean an Biúró de thacaíocht a sholáthar do ghléis leictreonacha Draeger 6510 a eisíodh don Gharda. Ón mbliain 2005 i leith tá 1,437 gléas leictreonach Draeger ceannaithe ag an mBiúró, le húsáid ar thaobh an bhóthair. Cailleadh 191 (13.3%) díobh sin agus measadh nárbh fhéidir 54 (3.8%) díobh a dheisiú go heacnamaíoch. Is gnách 90% nó mar sin de na gléasanna a bheith eisithe don Gharda. Cheannaigh an Biúró 250 gléas "détheorann" sa bhliain 2011 sular tugadh isteach na teorainneacha níos ísle do thiomáint faoi thionchar alcóil agus sular aithníodh catagóirí difriúla tiománaithe. B'éigean athchalabrú a dhéanamh ar na gléasanna thaobh an bhóthair eile le gléasanna "détheorann" a dhéanamh díobh. Cuireadh tús leis an bpróiseas seo i Lúnasa 2011 an tráth a rinneadh 1015 gléas a athchalabrú agus a atheisiúint don Gharda Síochána.

2.7 Anailís ar Shamplaí Anála

Sholáthair Cairt 6 a agus Tábla V miondealú ar na leibhéil alcóil a tomhaiseadh in anáil idir Eanáir agus Deireadh Fómhair 2011. Déantar comparáid i dTábla VI idir na leibhéil alcóil i samplaí anála a fuarthas sa bhliain 2011 agus i samplaí a fuarthas sa bhliain 2010.


TÁBLA V b
AN CION ALCÓIL DEIMHNITHE I SAMPLAÍ ANÁLA A CUIREADH AR FÁIL SA BHLIAIN 2011 (Eanáir go Deireadh Fómhair)

Mg. Alcóil in aghaidh gach 100 ml Anála	An Chéad Ráithe	An Dara Ráithe	An Tríú Ráithe	An Cheathrú Ráithe D. Fómhair	IOMLÁN
0 - 35	436	434	428	115	1,413
TEORAINN DHLÍTHIÚIL					
36 - 44	236	235	208	67	746
45 - 66	596	516	541	149	1,802
67 - 88	359	338	367	109	1,173
89 & os a chionn	132	152	144	43	471


TÁBLA V b
AN CION ALCÓIL DEIMHNITHE I SAMPLAÍ ANÁLA A CUIREADH AR FÁIL SA
BHLIAIN 2011 (Samhain agus Nollaig)

µg. Alcóil in aghaidh gach 100 ml Anála	2011 Samhain & Nollaig
0 - 9	95
10 - 22	100
TEORAINN DHLÍTHIÚIL	
23 - 35	120
36 - 44	84
45 - 66	228
67 & os a chionn	242

Cairt 6 a
AN CION ALCÓIL DEIMHNITHE I SAMPLAÍ ANÁLA A NDEARNADH ANAILÍS
ORTHU SA BHLIAIN 2011 (Eanáir go Deireadh Fómhair)



Cairt 6 b
AN CION ALCÓIL DEIMHNITHE I SAMPLAÍ ANÁLA A NDEARNADH ANAILÍS
ORTHU SA BHLIAIN 2011 (Eanáir go Deireadh Fómhair)



TÁBLA VI
COMPARÁID IDIR AN CION ALCÓIL IN ANÁIL I MBLIANA AGUS
I MBLIANTA ROIMHE

µg. Alcóil in aghaidh gach 100 ml Anála	2011 Ean - D.F.		2010		Tréimhse 5 Bliana 2005-2009	
	Uimh.	%	Uimh.	%	Uimh.	%
0 - 35	1,413	25.2	2,024	26.0	11,968	22.8
TEORAINN DHLÍTHIÚIL						
36 - 44	746	13.3	1011	13.0	6,397	12.2
45 - 66	1,802	32.2	2,510	32.2	17,689	33.6
67 - 88	1,173	20.9	1,649	21.2	12,068	22.9
89 & os a chionn	471	8.4	593	7.6	4,463	8.5

Mg. Alcóil in aghaidh gach 100 ml Anála	2011 Samhain & Nollaig	
	Uimh.	%
0 - 9	95	10.9
10 - 22	100	11.5
TEORAINN DHLÍTHIÚIL		
23 - 35	120	13.8
36 - 44	84	9.7
45 - 66	228	26.2
67 & os a chionn	242	27.9

Sa bhliain 2011 as 6474 sampla anála a ndearnadh anailís orthu bhí 1608 (24.8%) faoin teorainn agus 4866 (75.2%) os cionn na teorann (figiúir chomhcheangailte).

TÁBLA VII
COMPARÁID IDIR AN CION ALCÓIL I SAMPLAÍ FOLA, FUAIL AGUS ANÁLA
AGUS SAMPLAÍ I MBLIANTA EILE

Cion Alcóil			2011 Ean - D.F.		2010		Tréimhse 5 bliana 2005- 2009	
FUIL mg/100ml	FUAL mg/100ml	ANÁIL µg/100ml	Uimh.	%	Uimh.	%	Uimh.	%
0 - 80	0 - 107	0 - 35	2373	28.1	3,565	29.5	3,570	24.1
TEORAINN DHLÍTHIÚIL								
81-100	108 - 135	36 - 44	931	11	1,296	10.7	924	6.2
101 - 150	136 - 200	45 - 66	2,375	28.1	3,318	27.5	3,020	20.4
151 - 200	201 - 267	67 - 88	1,779	21.1	2,550	21.1	3,638	24.6
201 agus os a chionn	268 agus os a chionn	89 agus os a chionn	985	11.7	1,349	11.2	3,660	24.7

Taispeánann Tábla VII an chomparáid idir 2011 (Ean – D.F.) agus 2010 ó thaobh torthaí deimhnithe ar shamplaí fola, fuail agus anála a fuarthas le hanailís a dhéanamh orthu agus samplaí sa tréimhse chúig bliana roimhe sin.

3. Anailís ar Shamplaí Fola agus Fuail ar son Drugaí

Déanann an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre anailís ar shamplaí fola agus fuail faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre (DUID) ar son drugaí.


Déanann an Biúró anailís ar son aon cheann de sheacht ndruga nó aicme druga le teicníc imdhíon-mheasúnaithe (ELISA) agus déantar anailís dheimhniúcháin le Crómatagrafaíocht Gháis / Mais-speictriméadracht (GC/MS) nó Crómatagrafaíocht Leachtach / Mais-speictriméadracht (LC/MS). Thug an Biúró isteach tástáil deimhniúcháin maidir le drugaí d'aicme channaibionóideach a bheith i samplaí fola agus fuail araon in Aibreán 2010, agus beinsidhé-asaipín i bhfual in Aibreán 2011 ag a áitreabh sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Lean an Biúró de bheith ag déanamh forbartha ar mhodh tástála deimhniúcháin chun beinsidhé-asaipíní a bhrath i bhfuil.

Fuair an Biúró 1199 sampla le hanailís a dhéanamh orthu ar son drugaí sa bhliain 2011 agus rinneadh anailís ar 1180 díobh sin ar son drugaí. B'ionann sin agus 22.8% de laghdú sna samplaí a fuarthas agus 23.9% de laghdú ar shamplaí a ndearnadh anailís orthu i gcomparáid leis an mbliain 2010. Ar áireamh ansin bhí gach sampla a fuarthas a bhí faoin teorainn dhlíthiúil alcóil agus 9 sampla mar a raibh an cion alcóil os cionn na teorann dlíthiúla agus inar iarr an Garda Síochána anailís ar son drugaí. Rinne an Biúró tástáil deimhniúcháin le hanailís GC/MS ar 635 sampla ar son drugaí d'aicme cannaibionóideach agus ar 97 sampla ar son drugaí d'aicme beinsidhé-asaipíní. Cuireadh na 163 sampla eile ar aghaidh go dtí Saotharlann Cheimiceoir an Rialtais (LGC) le hanailís deimhniúcháin a bheith déanta orthu. I gcás 285 sampla deimhníodh nach raibh aon druga iontu.


Rinneadh anailís deimhniúcháin ar 895 sampla, agus rinneadh 82% den anailís sin sa Bhiúró.

Gheofar i gCairteacha 7 agus 8 miondealú ar thorthaí na hanailíse ar son drugaí de réir tástála tosaigh agus tástála deimhniúcháin.

Cairt 7
ANAILÍS AR SON DRUGAÍ – TÁSTÁIL THOSAIGH 2011



Cairt 8
ANAILÍS AR SON DRUGAÍ – TÁSTÁIL DEIMHNIÚCHÁIN 2011



3.1 Tástáil ar Lagú Cumais i dTiománaithe ar Bhóithre

Foráiltear san Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010 le haghaidh tástáil ar lagú cumais i dtiománaithe i dtrácht ar bhóithre a dhéanfaidh an Garda Síochána ar thaobh an bhóthair. I gceist ansin bíonn sraith tascanna a chaithfidh an tiománaí a dhéanamh mar mheasúnú ar cibé a bhfuil meisceach lena n-áirítear drugaí seachas alcól caite aige nó aici. Rinne an speisialtacht Míochaine Fhoiréinsigh agus Dhlíthiúil sa Scoil Míochaine i UCD, cúrsaí oiliúna a dhearadh i gcomhar leis an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Coláiste Oiliúna an Gharda Síochána. Cuireadh cúig cinn de chúrsaí oiliúna, a mhair cúig lá i ngach cás, ar fáil in áitreabh an MBRS sa bhliain 2011 le haghaidh 80 Oiliúnóir Garda ar éirigh leo sa scrúdú agus ar bronnadh Deimhniú Ollscoile orthu i dTástáil ar Lagú Cumais i dTiománaithe ar Bhóithre. Cuirfidh na hOiliúnóirí Garda oiliúint ar chomhaltaí den Gharda maidir le conas Lagú Cumais i dTiománaithe a thástáil ag ullmhú dá fheidhmiú i gcaitheamh na bliana 2012.

4. Sainseirbhísí Gairmiúla agus Freastal ar na Cúirteanna

Ar chúig ócáid is tríocha i gcaitheamh na bliana b'éigean do bhaill éagsúla d'fhoireann an Bhiúró fianaise neamhspleách shaineolach ghairmiúil a sholáthar i gcásanna cúirte. Bhain cúig ócáid le hanailís ar son alcóil i samplaí fola agus fuail. Dúshláin dhlíthiúla ab ea naoi gcinn díobh, i dtaca le Tástáil Fhianaiseach Anála, agus bhain seacht gcinn déag díobh le hanailís ar son drugaí. Chuir baill foirne iad féin ar fáil ar roinnt ócáidí chun freastal ar an gCúirt ach níor iarradh orthu.

Soláthraíonn an Biúró tacaíocht neamhspleách shaineolach ghairmiúil i gcónaí chun cabhrú leis na cúirteanna an ceartas a riaradh. Ba shuntasach an laghdú i líon na gcásanna cúirte i gcomparáid leis an mbliain 2010, ina raibh 83 cás. Tharla sin de dheasca laghdú i líon na gcásanna DUID a gairmeadh ach tá cuid de na cásanna sin ar feitheamh fós sa bhliain 2012 ón mbliain 2010.

B'éigean don Bhiúró líon mór pearsanra anailíseach a chur ar fáil i gcónaí sa bhliain 2011 chun freastal ar na cúirteanna, rud a chuir le hualach oibre an Bhiúró.

BALLRAÍOCHT NA gCOISTÍ A BHAINNEAN LE SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Ball de Phainéal Comhairleach an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre is ea an Stiúrthóir agus d'fhreastail sí ar dhá cheann de chruinnithe ar an 7 Aibreán agus an 12 Deireadh Fómhair 2011.

COMHDHÁLACHA, CÚRSAÍ AGUS CRUINNITHE AR FHREASTAIL AN FHOIREANN ORTHU SA BHLIAIN 2011

1. D'fhreastail Príomh-Anailíseoir, Anailíseoir Sinsearach, beirt Anailíseoirí agus Oifigeach TF ar chúrsa oiliúna dhá lá mar gheall ar an gCóras

Cumraithe LIMS idir an 10^ú agus an 11^ú Eanáir 2011 sa Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre (MBRS).

2. D'fhreastail Príomh-Anailíseoir ar Chruinniú Caighdeán CEN dhá lá le haghaidh Gléasanna Scagtha do Thástáil Anála ón 25^ú go dtí an 26^ú Eanáir 2011 in AFNOR, i bPáras na Fraince.
3. D'fhreastail an tAnailíseoir Ceannais agus beirt Phríomh-Anailíseoirí ar Chruinniú Lae le haghaidh Chumann RA & na hÉireann na dTocsaineolaithe Fóirínseacha an 28^ú Eanáir 2011 i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.
4. D'fhreastail an tOifigeach TF, Anailíseoir Sinsearach agus beirt Anailíseoirí ar chúrsa dhá lá ar Conas Tuarascálacha LIMS a Scríobh idir an 15^ú Feabhra 2011 agus 16^ú Feabhra 2011 san MBRS.
5. D'fhreastail Anailíseoir Sinsearach agus Anailíseoir ar chúrsa oiliúna lae san MBRS an 22^ú Feabhra 2011 le haghaidh an Tecan Freedom Evo 100.
6. D'fhreastail Príomh-Anailíseoir, Anailíseoir Sinsearach agus beirt Anailíseoirí ar chúrsa GC lae an 10^ú Márta 2011 san MBRS.
7. An 21 Márta 2011, i gColáiste Ríoga na Lianna agus na Máinlianna in Éirinn, d'fhreastail an Stiúrthóir ar chruinniú de ghrúpa beartais Choláiste Ríoga na Lianna agus na Máinlianna in Éirinn ar Fheidhmiúlacht ó thaobh Míochaine chun Tiomáint.
8. D'fhreastail cúigear ball foirne ar chúrsa oiliúna LIMS leathlae an 23^ú Márta 2011 san MBRS.
9. D'fhreastail Príomh-Anailíseoir, Anailíseoir Sinsearach agus beirt Anailíseoirí ar chúrsa GC lae an 25^ú Márta 2011 san MBRS.
10. Thug an tAnailíseoir Ceannais agus Príomh-Anailíseoir cuairt ar NANOPULS, déantóirí an Evidenzer IRL 6000, an 29^ú Márta 2011, in Uppsala na Sualainne.
11. D'fhreastail beirt Anailíseoirí Sinsearacha agus triúr Anailíseoirí ar chúrsa oiliúna lae LIMS an 30^ú Márta 2011 san MBRS.
12. D'fhreastail Anailíseoir ar Chúrsa Borkenstein cúig lá go leith in Ollscoil Indiana, Bloomington, Indiana, SAM, ón 10^ú go dtí an 15^ú Aibreán 2011, ar Éifeachtaí Drugaí ar Fheidhmiúlacht agus ar Iompar an Duine.
13. D'fhreastail Príomh-Anailíseoir ar Chomhdháil Bhliantúil chúig lá de chuid an IACT idir an 17^ú agus an 21^ú Aibreán 2011 i St. Louis, SAM.

14. D'fhreastail an tAnailiseoir Ceannais, Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin agus beirt bhall foirne ar Chúrsa Croí-Ama agus Tinrimh UCD in UCD an 20^ú Aibreán 2011 ar feadh leathlae.
15. D'fhreastail Anailiseoir Sinsearach ar Chruinniú Lae Mais-Speictriméadrachta na hÉireann an 11^ú Bealtaine 2011 sa Red Cow Hotel, Baile Átha Cliath.
16. D'fhreastail an tOifigeach Sinsearach Riaracháin ar chúrsa oiliúna leathlae ar Opera II an 13^ú Bealtaine 2011 san MBRS.
17. D'fhreastail an Stiúrthóir ar Chomhdháil Bhliantúil Dhámh na Míochaine Fóiréinsí agus Dlíthiúla i Londain, Sasana, an 13^ú agus an 14^ú Bealtaine.
18. D'fhreastail Anailiseoir ar chúrsa Borkenstein cúig lá ar Alcól in Ollscoil Indiana, Bloomington, Indiana, SAM, ón 16^ú go dtí an 19^ú Bealtaine 2011.
19. D'fhreastail an tAnailiseoir Ceannais ar Chomhdháil lae de chuid an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an 26^ú Bealtaine 2011.
20. D'fhreastail Anailiseoir Sinsearach agus beirt Anailiseoirí ar dhá cheann de chúrsaí oiliúna GCMS Triple Quadruple Operation Training, arna sholáthar ag Agilent (Cuid 1) an 2^ú agus 3^ú Meitheamh 2011 agus (Cuid 2) an 20^ú agus an 21^ú Iúil 2011.
21. D'fhreastail Príomh-Anailiseoir, Anailiseoir Sinsearach agus ceathrar Anailiseoirí ar chúrsa oiliúna dhá lá de chuid Evidenzer IRL ar Thástáil Anála idir an 9^ú agus an 10^ú Meitheamh, 2011, in UCD. D'fhreastail an tAnailiseoir Ceannais, Príomh-Anailiseoir, Anailiseoir Sinsearach & Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an gcúrsa seo ar feadh lá amháin an 9^ú Meitheamh 2011.
22. D'fhreastail an Stiúrthóir agus Príomh-Anailiseoir ar Chomhdháil sa Radisson Blu Hotel, Baile Átha Cliath 8 an 23^ú Meitheamh 2011 ar Fhinnéithe Saineolacha.
23. D'fhreastail ceathrar Anailiseoirí ar chúrsa dhá lá Oiliúint don Oiliúnóir in UCD, idir an 28^ú agus an 29^ú Meitheamh 2011.
24. D'fhreastail Príomh-Anailiseoir ar Chruinniú dhá lá de Chumann RA agus na hÉireann na dTocsaineolaithe Fóiréinseacha an 25^ú agus 26^ú Iúil 2011 in Abairdín na hAlban.
25. D'fhreastail Anailiseoir ar Chúrsa Oiliúna ISO 9001:2009 dhá lá d'Iniúcháirí Inmheánacha an 8^ú agus an 9^ú Meán Fómhair 2011 ag Ionad Oiliúna an NSAI, Seantrabh, Baile Átha Cliath.

26. D'fhreastail an Stiúrthóir ar Chomhdháil an Chumainn Idirnáisiúnta Eolaíochta Fóiréinsí i Maidéara na Portaingéile an 13^ú go dtí an 17^ú Meán Fómhair.
27. D'fhreastail an Stiúrthóir agus an tAnailíseoir Ceannais ar Chomhdháil Dheiridh DRUID i Köln na Gearmáine an 27^ú agus an 28^ú Meán Fómhair 2011.
28. D'fhreastail Príomh-Anailíseoir ar Chomhdháil Bhliantúil SOFT/TIAFT ón 26^ú go dtí an 30^ú Meán Fómhair 2011 in Óstán an Marriott, San Francisco, SAM.
29. D'fhreastail Príomh-Anailíseoir ar Chruinniú Mais-Speictriméadrachta na hÉireann in Óstán Isaacs, Baile Átha Cliath an 13^ú Deireadh Fómhair 2011.
30. D'fhreastail Anailíseoir Sinsearach ar chúrsa oiliúna lae maidir le Feidhmchláir GCMSMS an 18^ú Deireadh Fómhair 2011 san MBRS.
31. D'fhreastail Anailíseoir ar Chúrsa Oiliúna ISO 9001:2009 dhá lá d'Iniúcháirí Inmheánacha an 25^ú agus an 26^ú Meán Fómhair 2011 ag Ionad Oiliúna an NSAI, Seantrabh, Baile Átha Cliath.
32. D'fhreastail Anailíseoir Sinsearach agus triúr Anailíseoirí ar chúrsa dhá lá an 8^ú agus an 9^ú Samhain 2011 de chuid Agilent GCMS Maintenance & Troubleshooting (Anthias Consulting Limited) san MBRS.
33. D'fhreastail an tAnailíseoir Ceannais agus Príomh-Anailíseoir ar chúrsa PMDS dhá lá an 24^ú agus an 25^ú Samhain 2011 in UCD.
34. D'fhreastail an Stiúrthóir ar Chruinniú Geimhridh an British Association of Forensic Medicine i mBéal Feirste an 26^ú Samhain 2012.
35. D'fhreastail Príomh-Anailíseoir ar Chruinniú Caighdeán CEN le haghaidh Gléasanna Scagtha dhá lá ón 1^ú go dtí an 26^ú Eanáir 2011 in AFNOR, i bPáras na Fraince.
36. D'fhreastail Anailíseoir Sinsearach ar chúrsa dhá PMDS do Mhaoir / Ceannairí Foirne ar an 1^ú agus an 2^ú Nollaig 2011 in UCD.
37. An 5^ú Márta 2011, i gColáiste Ríoga na Lianna agus na Máinlianna in Éirinn, d'fhreastail an Stiúrthóir ar chruinniú de ghrúpa beartais Choláiste Ríoga na Lianna agus na Máinlianna in Éirinn ar Mhíochaine Tráchtá.
38. D'fhreastail Anailíseoir Cúrsa Oiliúna ISO 9001:2009 dhá lá d'Iniúcháirí Inmheánacha an 6^ú agus an 7^ú Nollaig 2011 ag Ionad Oiliúna an NSAI, Seantrabh, Baile Átha Cliath.

39. D'fhreastail an tAnailíseoir Ceannais, beirt Phríomh-Anailíseoirí, beirt Anailíseoirí Sinsearacha agus ball foirne ar Sheisiúin Teagaisc Paradigm an 14^ú Nollaig 2011 san MBRS.
40. D'fhreastail ball foirne amháin ar chúrsa Múchta Dóiteáin in UCD an 15^ú Nollaig 2011.
41. Lean Oifigeach Teicniúil de chúrsa M.Eng i gCórais Leictreonacha páirtaimseartha dhá bhliain idir Feabhra agus Bealtaine agus Meán Fómhair go Nollaig 2011 in DCU, Baile Átha Cliath.
42. Chuir Anailíseoir Sinsearach tús le cúrsa G.Dip páirtaimseartha dhá bhliain i dTeicneolaíocht na Faisnéise i DCU, Baile Átha Cliath, an 26 Meán Fómhair, 2011.

CEAPACHÁIN FOIRNE SA BHLIAIN 2011

D'éirigh leis an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre ceathrar ball foirne nua a earcú sa bhliain 2011:

Eolaíoch:

- Beirt Anailíseoirí Sealadacha.

Teicniúil:

- Cúntóir Fáiltithe amháin
- Freastalaí Fáiltithe Sinsearach amháin (ar bhonn páirtaimseartha / jabroinnte)

RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Tá Bord an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre tiomanta do na caighdeáin is airde i Rialachas Corparáideach a bhuanú. Bunaíonn an Bord a rialachas corparáideach ar an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit a d'fhoilsigh an Roinn Airgeadais. Tá an Bord cuntasach don Roinn Iompair agus don Roinn Airgeadais. Bíonn cruinnithe rialta ag an mBord agus tá sé freagrach as an mBhiúró a bhainistiú go cuí. Déanann an Bord cinntí straitéiseacha móra agus athbhreithníonn sé straitéis bhainistíochta rioscaí agus próisis rialaithe an Bhiúró ar bhonn bliantúil.

1. Comhlíonadh

Is áthas leis an mBord a thuairisciú gur chomhlíon an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre sa bhliain dar críoch an 31^ú Nollaig 2011 forálacha ábhartha an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit. Seoladh iniúchadh inmheánach. Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird gach bliain don Aire Iompair gur comhlíonadh an Cód.

2. Ballraíocht agus Cruinnithe an Bhiúró

Bhí cúig chruinniú ag an Lia-Bhiúro um Shábháilteacht ar Bhóithre sa bhliain 2011. Tionóladh na cruinnithe sin ar an 23^ú Márta 2011, an 21^ú Iúil 2011, an 11^ú Deireadh Fómhair 2011, an 11^ú Samhain 2011 agus an 8^ú Nollaig 2011.

3. Na hAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí

Tagann an Lia-Bhiúro um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi threoir na nAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí. Soláthraíonn baill an Bhoird agus baill foirne a bhfuil poist ainmnithe acu ráiteas leasanna a ghéilleann d'fhorálacha na nAchtanna. Ní raibh leas ar bith ag comhaltaí an Bhoird a bhí in oifig ar an 31^ú Nollaig 2011 chun críche na nAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí 1995 agus 2001.

4. An Coiste Iniúchóireachta

Athbhreithníonn an Coiste Iniúchóireachta aon ghné a bhaineann le gnóthaí airgeadais an Lia-Bhiúro um Shábháilteacht ar Bhóithre. Oibríonn an coiste faoi théarmaí foirmiúla tagartha. Is gnách do bhaill an choiste freastal ar na cruinnithe agus tuairiscíonn sé don Bhord ar bhonn leathbhliantúil.

5. Soláthar

Deimhníonn Bord an Lia-Bhiúro um Shábháilteacht ar Bhóithre gur chomhlíon sé i gcaitheamh na bliana 2011 na nósanna imeachta soláthair agus Treoracha cuí an AE faoi mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais maidir le Rialacha Comhlachtaí Stáit.

6. Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Tagann an Lia-Bhiúro um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi threoir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus foilsítear doiciméid dhlíthiúla agus an Tuarascáil Bhliantúil i nGaeilge agus i mBéarla dá réir.

7. Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

Tá an Lia-Bhiúro um Shábháilteacht ar Bhóithre cláraithe mar rialaitheoir sonraí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

8. Sceideal na dTáillí agus na gCostas Comhiomlán a Íocadh le Stiúrtóirí sa bhliain 2011

Íocadh na táillí seo a leanas sa bhliain 2011:

Ball den Bhord	An Cineál Táille	Íoctha
An tOllamh Cecily Kelleher, Cathaoirleach	Táille le haghaidh Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin ar Bhoird Comhlachtaí Stáit	€7,875
Mr. Philip Joyce, Ball	Táille le haghaidh ball neamhfheidhmiúcháin ar Bhoird Comhlachtaí Stáit	€6,300
An Dr. Niall McNamara	Táille le haghaidh ball neamhfheidhmiúcháin ar Bhoird Comhlachtaí Stáit	€6,300

AN tACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

Tháinig an tAcht um Íoc Pras Cuntas i bhfeidhm an 2^ú Eanáir 1998, agus tá téarmaí an Achta comhlíonta aige ó shin ón uair a tháinig sé faoina théarmaí tagartha. Faoi chomhaontú leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, íocann an Coláiste soláthraithe ar an gcéad dul síos agus déanann an Biúró an Coláiste a chúiteamh dá éis. Is é beartas an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre a chinntiú go ndéantar gach sonrasc a íoc go pras. Ceanglaítear ar an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, mar chomhlacht san earnáil phoiblí, géilleadh do riachtanais an Achta i dtaca le híocaíochtaí le soláthraí as earraí nó seirbhísí a sholáthar agus mar sin tá nósanna imeachta diana i bhfeidhm aige.

I gcás líon beag soláthraithe, eisiúnn an Biúró íocaíocht i bhfoirm seice don soláthraí nuair a fhaightear an sonrasc. Ní féidir leis na rialuithe seo i dtaca le próiseáil sonrasc agus díospóidí ach dearbhú réasúnta a sholáthar seachas dearbhú amach is amach maidir le neamhghéilliúlacht ábhartha don Acht.

RÁITEAS AR AN RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

An Fhreagracht as Rialú Inmheánach

Thar ceann Bhaill an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre admhaím an fhreagracht atá orainn córas éifeachtach rialaithe inmheánach airgeadais a choimeád agus a oibriú.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, seachas dearbhú amach is amach, a sholáthar go ndéantar sócmhainní a chosaint, bearta a údarú agus a thairfeadh go cuí, agus earráidí ábhartha agus mírialtachtaí eile a chosc nó go bhféadfaí iad a bhrath go tráthúil.

Na Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá na príomhnósanna imeachta seo a leanas leagtha amach ag an mBord chun rialú éifeachtach inmheánach airgeadais a sholáthar laistigh den Bhiúró. Tá sé aontaithe ag an mBord gurb é an Stiúrthóir agus an fhoireann atá freagrach as cúrsaí oibriúcháin. Tuairiscíonn an Stiúrthóir don Bhiúró ag a chruinnithe. Cúig chruinniú a bhí ann sa bhliain 2011.

Tá nósanna imeachta airgeadais agus cleachtais tarmligthe leagtha amach ag an mBiúró chun timpeallacht thrédhearcach rialaithe a chinntiú, faoi mar a d'oirfeadh do ghníomhaireacht bheag leathstáit. Bhunaigh an Biúró Coiste Iniúcháireachta sa bhliain 2003 chun tacú le dearbhú na nósanna imeachta airgeadais ó thaobh cáilíochta de. Bhí dhá chruinniú ag an gCoiste sa bhliain 2011 agus thuairiscigh sé don Bhiúró.

Bunaítear an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais ar chreat d'eolas rialta bainistíochta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmलगin agus cuntasachta. Áirítear air go sonrath:

- Córas cuimsitheach buiséadta agus buiséad bliantúil a dhéanann an Biúró a athbhreithniú agus a aontú.
- Athbhreithniú rialta ag an mBiúró ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a nochtann feidhmiúlacht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí.
- Spriocanna a shocrú chun feidhmiúlacht airgeadais oibríochtúil agus feidhmiúlacht eile a thomhas.
- Disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

Ceapadh Iniúchóir Inmheánach sa bhliain 2006, de réir an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit. Rinne an tIniúchóir Inmheánach athbhreithniú neamhspleách ar na cuntais sa bhliain 2011.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Rinne an Biúró athbhreithniú sa bhliain 2011 ar a éifeachtaí atá a chóras rialaithe inmheánach airgeadais de réir na riachtanas.

SAORÁIL FAISNÉISE

Ní bhfuair an Biúró aon iarratas sa bhliain 2011 faoi phróiseas an Achta um Shaoráil Faisnéise.


Leasaíodh an tAcht um Shaoráil Faisnéise sa bhliain 2010 chun a fhoráil go mbeadh taifid an Bhiúró faoi réir sriain faoi alt 46 (1) (bb) a cuireadh i bhfeidhm i Lúnasa 2010. Mar sin, níl fáil ón dáta sin i leith faoin Acht um Shaoráil Faisnéise ar thaifid atá i seilbh an Bhiúró nó a chruthaigh an Biúró, seachas ar thaifid a bhaineann le riarachán ginearálta an Bhiúró. Ciallaíonn sin, mar shampla, nach bhfuil teacht faoin Acht um Shaoráil Faisnéise ar thaifid a bhaineann le cionta coiriúla líomhanta faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre.

Cuireann an Biúró eolas faoin Acht SF ar fáil a luaithe is féidir i gcónaí. Tá Leabhar Tagartha Ailt 15 agus 16 an Bhiúró ar fáil ach é a iarraidh.

Is féidir glaoch a chur ar an Aonad SF nó ríomhphost a chur chucu ag forensic.medicine@ucd.ie. Is féidir ceisteanna ginearálta ar SF a chur chuig an seoladh r-phoist seo ach ní féidir é a úsáid chun iarratas a dhéanamh nuair is gá táille iarratais a íoc.



An tOllamh Cecily Kelleher,
Cathaoirleach



An tOllamh Denis Cusack,
Stiúrthóir

Dáta: